**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2023

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar 1 (160 marc)**

| **Cuid I** | **An Chluastuiscint** | **60 marc** |
|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-3)** marc | } |
| { | | | | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **10 + 8** | **=** | **18 marc** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **28 marc** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| | **8 + 6** | **=** | **14 mharc** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ghaelchultúr. Sheol Gaelchultúr club leabhar ar líne sa bhliain dhá mhíle is a deich. Tá sé ar fáil ar an suíomh gréasáin www.clubleabhar.com. Tá sé mar aidhm ag an gclub leabhar daoine a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh. Roghnaítear úrscéal nó cnuasach gearrscéalta mar leabhar na míosa agus iarrtar ar na baill é a léamh. Nuair a bhíonn leabhar na míosa léite ag na baill, bíonn deis acu an saothar a phlé ar fhóram an tsuímh gréasáin. Is féidir le baill an chlub leabhar na míosa a cheannach ar an suíomh gréasáin www.siopa.ie. Má tá suim agat a bheith i do bhall den chlub leabhar seo ar líne, ní thógann sé ach nóiméad clárú. Níl le déanamh agat ach ainm úsáideora, pasfhocal agus seoladh ríomhphoist a líonadh isteach ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó Ollscoil Luimnigh. Beidh Lá Oscailte ar siúl san Ollscoil Dé Sathairn seo chugainn, an seachtú lá de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear fáilte speisialta roimh scoláirí na hArdteistiméireachta. Tosóidh na cainteanna ag leathuair tar éis a naoi an lá sin. Sna cainteanna, beidh léachtóirí na hollscoile ag caint faoi na cúrsaí céime atá ar fáil san ollscoil, faoi na pointí CAO atá riachtanach do na cúrsaí céime éagsúla agus faoi na deiseanna fostaíochta a thugann na cúrsaí sin do chéimithe. Ina dhiaidh sin, tabharfar scoláirí na hArdteistiméireachta ar thuras timpeall an champais agus feicfidh siad hallaí na léachtaí, na saotharlanna eolaíochta, an leabharlann agus an t-ionad spóirt. Roinnfidh mic léinn na hollscoile a dtaithí féin ar an saol san ollscoil leis na scoláirí, chomh maith le heolas ar na cumainn go léir atá san ollscoil.

## Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Íde:** Haigh, a Chathail, cad é mar atá tú?

**Cathal:** Tá mé tuirseach traochta, a Íde, mar tá an lá ar fad caite agam ag bailiú bruscair ar an trá.

**Íde:** Cad é a spreag thú leis sin a dhéanamh?

**Cathal**: Bhuel, tá mé i mo bhall den ghrúpa timpeallachta áitiúil 'Cóstaí Glana' agus d'eagraigh muid glantachán trá inniu. Líon muid dhá chéad mála le bruscar a bhí caite ar an trá.

**Íde:** Tá sé sin dochreidte. Tá daoine ann nach bhfuil meas ar bith acu ar an trá álainn atá againn agus milleann siad an áit le bruscar. Cén cineál bruscair is mó a bhailigh sibh?

**Cathal:** Earraí plaisteacha is mó a bhailigh muid.

**Íde:** Is mór an t-ábhar imní an truailliú plaisteach sa lá atá inniu ann. Déanann an truailliú plaisteach dochar do na héisc agus do na héin mhara. Cuireann sé isteach ar a ngnáthóga. Chomh maith leis sin, cuireann sé leis an athrú aeráide.

**Cathal:** Is fíor sin, a Íde. Deir na saineolaithe go mbeidh níos mó plaistigh ná mar a bheidh d'éisc sna farraigí faoin bhliain dhá mhíle caoga.

**An Dara Mír**

**Íde:** Bhuel, a Chathail, ní ar thránna na tíre amháin a fhágann cuid de na daoine an bruscar. Bhí mé ag féile cheoil coicís ó shin. Ní chreidfeá an droch-chuma a bhí ar an áit i ndiaidh na féile.

**Cathal:** Cad é a chuir an droch-chuma ar an áit?

**Íde:** D'fhág a lán daoine málaí codlata agus pubaill ina ndiaidh nuair a bhí siad ag imeacht abhaile maidin Dé Luain. Chuir sé sin déistin orm.

**Cathal:** Tá sé sin scannalach. Nach bhfuil bealach ar bith ag lucht eagraithe na féile le tionchar na féile ar an timpeallacht a laghdú?

**Íde:** Tá, cinnte. Iarrann siad ar gach duine a dtrealamh go léir a thabhairt abhaile leo i ndiaidh na féile, agus an bruscar a chur sna boscaí bruscair atá ar fud shuíomh na féile.

**Cathal:** Tá a fhios ag gach duine na laethanta seo cad é ba cheart dóibh a dhéanamh. Níl leithscéal acu.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Colm:** Ó, a Ghráinne. Tá fáilte romhat abhaile ó Mhaidrid. Cén uair a tháinig tú ar ais?

**Gráinne:** Tháinig mé ar ais tráthnóna Dé hAoine, a Choilm. Ach bhí mé trí chéile ar fad nuair a shroich mé aerfort Bhaile Átha Cliath mar chuaigh mo bhagáiste ar strae. Cuireadh chuig an aerfort mícheart é. Ach fuair mé sa deireadh é.

**Colm:** Caithfidh go raibh faoiseamh an domhain ort, a Ghráinne. Inis dom conas mar a bhí an cúrsa Spáinnise i Maidrid?

**Gráinne:** Bhí sé ar fheabhas ar fad. Bhíodh ranganna Spáinnise againn gach maidin óna leathuair tar éis a hocht agus mhaireadh siad ar feadh ceithre uair an chloig. Bhíodh seisiúin chomhrá, tascanna scríbhneoireachta, trialacha éisteachta agus cleachtaí gramadaí ar siúl sna ranganna againn.

**Colm:** Caithfidh go bhfuil feabhas mór ar do chuid Spáinnise anois?

**Gráinne:** Tá, cinnte, a Choilm. Táim i bhfad níos líofa sa Spáinnis anois.

**Colm:** Cleachtadh a dhéanann máistreacht, a deir an seanfhocal. Is cinnte gur fíor sin nuair a bhíonn tú ag foghlaim teanga.

**Gráinne:** Tá an ceart ar fad agat, a Choilm.

**An Dara Mír**

**Colm:** Cad ba ghnách leat féin agus na scoláirí eile a dhéanamh i ndiaidh na ranganna ansin?

**Gráinne:** Théimis ar thurais chuig na suíomhanna stairiúla agus chuig na músaeim sa chathair.

**Colm:** Cár fhan tú le linn an chúrsa?

**Gráinne:** D'fhan mé le teaghlach óstach i mbruachbhaile de chuid na cathrach. Bhí cailín ar comhaois liom féin sa teaghlach sin. Maria an t-ainm a bhí uirthi agus réitigh mé go maith léi.

**Colm:** Cad a bhíodh ar siúl agat le do theaghlach óstach ag an deireadh seachtaine?

**Gráinne:** Ar an Satharn, théinn ag siúl sa pháirc phoiblí le Maria nó théimis chuig an bpáirc uisce. Agus ar an Domhnach, thaispeánadh Maria agus a máthair dom conas béile Spáinneach a réiteach.

**Colm:** Is cosúil gur bhain tú taitneamh agus tairbhe as do thréimhse i Maidrid, a Ghráinne.

**Gráinne:** Bhain, cinnte. Ach anois, nílim ag tnúth le filleadh ar an scoil arís an tseachtain seo chugainn. Beidh sé deacair luí isteach ar an staidéar arís tar éis samhradh iontach a bheith agam sa Spáinn. Slán go fóill, a Choilm.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint na Mumhan)

Bhí Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann ar siúl i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair seo caite. Bhuaigh an podchraoladh *Beo ar Éigean* an gradam óir don phodchraoladh is fearr i nGaeilge ag an ócáid speisialta sin. Craoltar an podchraoladh *Beo ar Éigean* ar RTÉ Raidió 1 gach deireadh seachtaine. Pléitear cúrsaí oibre, cúrsaí sóisialta agus na scéalta a bhíonn i mbéal an phobail ar an bpodchraoladh sin. Ba é an podchraoladh Gaeilge *Teachtaireachtaí* a bhí sa dara háit. Bhí *An Spota Dubh*, podchraoladh Gaeilge de chuid Chumann Lúthchleas Gael, sa tríú háit. Craoltar é sin ar Raidió na Life. Pléitear scéalta spóirt na seachtaine agus cuirtear agallaimh ar aíonna ó shaol an spóirt ar an bpodchraoladh sin.

### Píosa a Dó (Canúint Uladh)

Fuair an t-imreoir cáiliúil sacair as an Bhrasaíl, Pelé, bás i mí na Nollag seo caite. Duine de pheileadóirí eisceachtúla an domhain a bhí ann. Bhíodh sé ag imirt le foireann idirnáisiúnta na Brasaíle. D'imir sé i gCorn an Domhain den chéad uair sa bhliain míle naoi gcéad caoga a hocht nuair nach raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois. Ba é Pelé an t-imreoir ab óige a bhuaigh bonn riamh i gCorn an Domhain. Tá a ainm luaite i Leabhar Churiarrachtaí Domhanda Guinness mar an t-aon imreoir sacair a bhfuil trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain go dtí seo. Bhí cumas as an ghnách ann cúil a aimsiú. Scóráil sé níos mó ná míle dhá chéad cúl. Nuair a d'éirigh Pelé as an sacar, rinne sé cuid mhór oibre ar son páistí faoi mhíbhuntáiste agus in aghaidh an chiníochais.

**Na Siombailí Anótála Marcála**

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| 0 | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | Gan freagra GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

**Nóta:** Níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála chomh maith.

**CUID A (18 marc)**

**FÓGRA A hAON (10 marc)**

**1.** **(a)** Cé a sheol an club leabhar ar líne, www.clubleabhar.com? **2 mharc**

Gaelchultúr = 2 mharc

**(b)** Cén aidhm atá ag an gclub leabhar seo ar líne? **2 mharc**

Daoine a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh = 2 mharc
Daoine a spreagadh chun úrscéal Gaeilge a léamh = 2 mharc
Daoine a spreagadh chun cnuasach gearrscéalta Gaeilge a léamh = 2 mharc
Daoine a spreagadh chun leabhar Gaeilge na míosa a léamh = 2 mharc
Daoine a spreagadh chun leabha(i)r/úrscéal/cnuasach gearrscéalta/leabhar na míosa a léamh = 1 mharc (gan 'Gaeilge' luaite)

**2.** Cén deis a bhíonn ag baill an chlub ar fhóram an tsuímh gréasáin nuair a bhíonn leabhar na míosa léite acu? **2 mharc**

An saothar/é a phlé = 2 mharc
Leabhar na míosa a phlé = 2 mharc
An leabhar (sin) a phlé = 2 mharc

**3.** Scríobh síos **dhá** mhír eolais atá le líonadh isteach ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne. **2 mharc + 2 mharc**

Ainm úsáideora = 2 mharc
Pasfhocal = 2 mharc
Seoladh ríomhphoist = 2 mharc

**FÓGRA A DÓ (8 marc)**

**1.** Cén dáta a bheidh Lá Oscailte ar siúl in Ollscoil Luimnigh? **2 mharc**

An seachtú lá de mhí Dheireadh Fómhair = 2 mharc
An seachtú lá de Dheireadh Fómhair = 2 mharc
7/10 = 2 mharc
7 Deireadh Fómhair = 2 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** cheann de na hábhair chainte a bheidh ag na léachtóirí sna cainteanna. **2 mharc + 2 mharc**

Na cúrsaí céime (atá ar fáil san ollscoil) = 2 mharc
Na cúrsaí (atá ar fáil san ollscoil) = 1 mharc
Na pointí (CAO atá riachtanach) do na cúrsaí (céime éagsúla) = 2 mharc
Na pointí (CAO) = 1 mharc
Na deiseanna fostaíochta (a thugann na cúrsaí sin) do chéimithe = 2 mharc
Na deiseanna fostaíochta = 1 mharc

**3.** Luaigh rud **amháin** a roinnfidh mic léinn na hollscoile leis na scoláirí. **2 mharc**

A dtaithí féin ar an saol san ollscoil = 2 mharc
A saol san ollscoil = 2 mharc
A dtaithí féin ar an ollscoil = 2 mharc
A dtaithí féin = 1 mharc
Eolas ar na cumainn atá san ollscoil = 2 mharc
Eolas ar na cumainn = 1 mharc

**CUID B (28 marc)**

**COMHRÁ A hAON (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a bhí ar siúl ag Cathal ar an trá? **2 mharc**

Ag bailiú bruscair/plaistigh/earraí plaisteacha = 2 mharc
Glantachán/ag glanadh = 2 mharc
Ag obair/ag glanadh leis an ngrúpa timpeallachta áitiúil = 2 mharc
Ag líonadh málaí le bruscar = 2 mharc
Ag obair le 'Cóstaí Glana' = 2 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** chúis imní a bhaineann leis an truailliú plaisteach sa lá atá inniu ann, dar le hÍde. **2 mharc + 2 mharc**

Déanann sé dochar do na héisc agus do na héin mhara = 2 mharc + 2 mharc
Déanann sé dochar do na héisc = 2 mharc
Déanann sé dochar do na héin mhara = 2 mharc
Déanann sé dochar do na héin = 1 mharc
Déanann sé dochar = 1 mharc
Cuireann sé isteach ar a ngnáthóga = 2 mharc (cáiliú ag teastáil ar 'a ngnáthóga' mura bhfuil 'na héisc' nó 'na héin mhara' luaite sa chúis imní eile a thugtar)
Cuireann sé isteach ar ghnáthóga/ar na gnáthóga = 2 mharc
Cuireann sé leis an athrú aeráide = 2 mharc

**3.** Cad a deir na saineolaithe a tharlóidh faoin mbliain 2050? **2 mharc**

Go mbeidh níos mó plaistigh ná mar a bheidh d'éisc sna farraigí = 2 mharc
Níos mó plaistigh ná éisc sna farraigí = 2 mharc
Go mbeidh níos mó plaistigh sna farraigí = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cathain a bhí Íde ag féile cheoil? **2 mharc**

Coicís ó shin = 2 mharc

**2.** Cad a chuir déistin ar Íde maidin Dé Luain? **2 mharc**

D'fhág (a lán) daoine málaí codlata ina ndiaidh = 2 mharc
D'fhág (a lán) daoine pubaill ina ndiaidh = 2 mharc
D'fhág (a lán) daoine málaí codlata = 1 mharc
D'fhág (a lán) daoine pubaill = 1 mharc
An droch-chuma a bhí ar an áit = 1 mharc
An bruscar a bhí (fágtha) san áit = 1 mharc

**3.** Scríobh síos rud **amháin** a iarrann an lucht eagraithe ar gach duine a dhéanamh chun tionchar na féile ar an timpeallacht a laghdú. **2 mharc**

A dtrealamh/an trealamh go léir a thabhairt abhaile (leo) = 2 mharc
An bruscar a chur sna boscaí bruscair = 2 mharc
A málaí codlata/a bpubaill a thabhairt abhaile (leo) = 2 mharc

## COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth a raibh Gráinne trí chéile ar fad nuair a shroich sí aerfort Bhaile Átha Cliath? **2 mharc**

Chuaigh a bagáiste ar strae = 2 mharc
Cuireadh a bagáiste chuig an aerfort mícheart = 2 mharc
Chuaigh bagáiste ar strae = 1 mharc
Bagáiste ar strae = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a bhíodh ar siúl ag Gráinne sna ranganna Spáinnise. **2 mharc + 2 mharc**

Seisiúin chomhrá = 2 mharc
Comhrá = 1 mharc
Tascanna scríbhneoireachta = 2 mharc
Scríbhneoireacht = 1 mharc
Trialacha éisteachta = 2 mharc
Éisteacht = 1 mharc
Cleachtaí gramadaí = 2 mharc
Gramadach = 1 mharc

**3.** Cén seanfhocal atá fíor maidir le foghlaim teanga, dar le Colm? **2 mharc**

Cleachtadh a dhéanann máistreacht = 2 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos áit **amháin** a dtéadh Gráinne agus na scoláirí eile ar thurais i ndiaidh na ranganna. **2 mharc**

Suíomhanna stairiúla = 2 mharc
Na músaeim = 2 mharc

**2.** Cad a thaispeánadh Maria agus a máthair do Ghráinne ar an Domhnach? **2 mharc**

Conas béile Spáinneach a réiteach = 2 mharc
Conas béile a réiteach = 1 mharc
Béile Spáinneach a réiteach = 1 mharc

**3.** Cén fáth nach bhfuil Gráinne ag tnúth le filleadh ar an scoil? **2 mharc**

Beidh sé deacair luí isteach ar an staidéar arís tar éis samhradh iontach a bheith aici sa Spáinn = 2 mharc
Beidh sé deacair luí isteach ar an staidéar arís = 2 mharc
Beidh sé deacair staidéar arís = 2 mharc
Beidh sé deacair staidéar tar éis samhradh iontach sa Spáinn = 2 mharc
Beidh sé deacair luí isteach ar an staidéar = 1 mharc
Deacair staidéar arís = 2 mharc
Deacair staidéar = 1 mharc
An staidéar = 1 mharc

**CUID C (14 mharc)**

**PÍOSA A hAON (8 marc)**

**1.** Cén t-ainm atá ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir ag an ócáid speisialta i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath? **2 mharc**

Beo ar Éigean = 2 mharc

**2.** Scríobh síos ábhar **amháin** a phléitear ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir sin. **2 mharc**

Cúrsaí oibre/obair/saol na hoibre = 2 mharc
Cúrsaí/saol sóisialta = 2 mharc
Na scéalta a bhíonn i mbéal an phobail = 2 mharc

**3.** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin bpodchraoladh Gaeilge *An Spota Dubh* a bhí sa tríú háit. **2 mharc + 2 mharc**

Podchraoladh Gaeilge de chuid Chumann Lúthchleas Gael/CLG is ea é = 2 mharc
Craoltar é ar Raidió na Life = 2 mharc
Pléitear scéalta spóirt na seachtaine (air) = 2 mharc
Pléitear scéalta spóirt (air) = 1 mharc
Bíonn agallaimh le haíonna ó shaol an spóirt (air) = 2 mharc
Bíonn agallaimh le haíonna (air) = 2 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cén bhliain a d'imir Pelé i gCorn an Domhain den chéad uair? **2 mharc**

Sa bhliain míle naoi gcéad caoga a hocht = 2 mharc
1958 = 2 mharc

**2.** Cén fáth a bhfuil ainm Pelé luaite i Leabhar Churiarrachtaí Domhanda Guinness? **2 mharc**

Mar an t-aon imreoir sacair a bhfuil trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain go dtí seo = 2 mharc
Mar an t-aon imreoir sacair a bhfuil trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain = 2 mharc
Tá trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain = 2 mharc

**3.** Scríobh síos cineál **amháin** oibre a rinne Pelé nuair a d'éirigh sé as an sacar. **2 mharc**

(Obair) ar son páistí faoi mhíbhuntáiste = 2 mharc
(Obair) in aghaidh an chiníochais = 2 mharc
Ar son páistí = 1 mharc

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

- **A.** Aiste **nó** Alt Nuachtáin/Irise
- **B**. Scéal
- **C.** Díospóireacht/Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar bailí/fiúntach agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard/ meánach/íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic | Eolas bailí/ceart/ábhartha lena ngabhann fiúntas |
| ✗ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| ‸ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/ litrithe |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh an phíosa/an ailt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| ⦚ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **S1** | Iarracht easnamhach | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S2** | Iarracht easnamhach | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S3** | Iarracht easnamhach | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar |
| **S4** | Iarracht easnamhach | Easnamhach i gcás A(c) agus A(e) |

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc)**
Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc)**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| Aicme | Marc |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag/bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc)**

(i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

(ii) Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas/Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir <u>mórbhotúin chomhréire</u> agus <u>mionbhotúin ghramadaí agus litrithe</u>.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil ábhartha cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós ar an iarracht. Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad ábhartha, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil ábhartha agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin. Cuir líne chorrach cheartingearach ar thaobh na láimhe deise den phíosa/den alt nach bhfuil ábhartha.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| **1. Stór Gaeilge**<br>**2. Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**An Grádú Marcála (iarrachtaí easnamhacha)**

| Siombailí Anótála | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| **S1** | Leathanach go leith den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (4)<br>Ábhar (13)<br>Gaeilge (68) |
| **S2** | Leathanach amháin den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (3)<br>Ábhar (11)<br>Gaeilge (56) |
| **S3** | Leathleathanach den mhéid atá scríofa ábhartha agus ceangal cinnte leanúnach ann idir an teideal agus an t-ábhar a scríobhtar | Stíl (2)<br>Ábhar (9)<br>Gaeilge (44) |
| **S4** | Easnamhach i gcás A(c) agus A(e) | Stíl (5)<br>Ábhar (10)<br>Gaeilge (54) |

**Nóta:** Cuirtear an tsiombail anótála chuí ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

**Páipéar 2 (200 marc)**

| **Ceist 1** | **LÉAMHTHUISCINT** | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair Léamhthuiscint A **agus** Léamhthuiscint B.

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**.

| **Siombailí Anótála** | **Cur Síos** | **Arna Léiriú** |
|---|---|---|
| ✓ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ^ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |
| ~~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Eolas iomarcach |
| [ ] | Lúibíní cearnacha | Léirítear tús agus deireadh abairte/abairtí a thógtar díreach as an sliocht i gcás Cheist 6 (b) |

**LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)**

**Tom Crean – Taiscéalaí Ciarraíoch an Antartaigh**

**1.** **(a)** Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Tom Crean? (Alt 1) **{3 mharc}**

- Mar gheall ar na trí thuras taiscéalaíochta a rinne sé go dtí an tAntartach i mblianta tosaigh an fichiú haois = 3 mharc
- Mar gheall ar na trí thuras taiscéalaíochta a rinne sé go dtí an tAntartach = 3 mharc
- Mar gheall ar na trí thuras taiscéalaíochta a rinne sé i mblianta tosaigh an fichiú haois = 2 mharc
- Mar gheall ar na trí thuras taiscéalaíochta a rinne sé = 2 mharc

**(b)** **(i)** Scríobh síos cineál **amháin** taighde a bheidh ar siúl ag na heolaithe mara ar an *RV Tom Crean*. (Alt 1) (Cineál **amháin** taighde) **{2 mharc}**

- Déanfaidh siad suirbhéireacht ar chineálacha éagsúla iasc = 2 mharc
- Déanfaidh siad monatóireacht ar chomhshaol na mara = 2 mharc
- Déanfaidh siad suirbhéireacht = 1 mharc
- Suirbhéireacht = 1 mharc
- Déanfaidh siad monatóireacht = 1 mharc
- Monatóireacht = 1 mharc

**(ii)** Cén fáth ar thug an *RV Tom Crean* cuairt ghearr soir ar an Min Aird an lá tar éis a choimisiúnaithe? (Alt 1) **{2 mharc}**

- Ba ansin a chuir Tom Crean tús lena chuid aistear farraige féin (in 1893) = 2 mharc

**2.** **(a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi mhuintir Tom Crean agus é ag fás aníos gar d'Abhainn an Scáil in iarthar Chiarraí. (Alt 2)
(**Dhá** phointe eolais) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**
An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Ba dhuine d'aon duine dhéag clainne é
- Bhí feirm bheag ag a mhuintir
- (Cosúil le formhór na dteaghlach eile sa cheantar), bhí siad ag síorstreachailt leis an mbochtaineacht
- Bhí cuimhne láidir sa phobal ar an nGorta Mór fós

**(b)** **(i)** Cén fáth ar mheall gairm an Chabhlaigh Ríoga go leor fear óg mar Tom Crean ag an am sin? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Deis a bhí ann dóibh éalú ón saol ainnis sa bhaile = 2 mharc
- Deis a bhí ann dóibh saibhreas a lorg i bhfad i gcéin = 2 mharc

**(ii)** Cén aidhm a bhí ag Robert Falcon Scott agus é ar a bhealach go dtí an tAntartach ar an long thaiscéalaíochta, *Discovery*? (Alt 2) **{2 mharc}**

- A bheith ar an gcéad duine a leagfadh cos ar an Mol Theas = 2 mharc

**3.** **(a)** Cad a spreag Tom Crean le dul ar an turas taiscéalaíochta ar an *Discovery*? (Alt 3)

**{3 mharc}**

- Fonn eachtraíochta a spreag é agus fonn taisteal chuig críocha anaithnide = 3 mharc
  Mura mbíonn ach ceann amháin den dá mhír eolais: fonn eachtraíochta **nó** fonn taisteal chuig críocha anaithnide sa fhreagra, bronntar 2 mharc

**(b)** **(i)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcruatan a d'fhulaing Crean agus na fir eile ar an turas leis na carranna sleamhnáin. (Alt 3)

(**Dhá** phointe eolais) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 1 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Bhí ualach an-trom le tarraingt acu (ar thalamh reoite)
- Bhí an aimsir feanntach fuar
- Bhí a mbeatha i mbaol (i rith an ama)
- Bhí eagla orthu go minic go dtitfeadh siad trí na scoilteanna san oighear

**(ii)** Cén tubaiste a bhain do Tom Crean lá amháin agus é ag cabhrú leis an long a scaoileadh? (Alt 3)

**{2 mharc}**

- Ba bheag nár cailleadh é nuair a thit sé tríd an oighear isteach san uisce thíos faoi, ach tarraingíodh slán é = 2 mharc
- Thit sé tríd an oighear = 2 mharc

**4.** **(a)** Cén obair a rinne Tom Crean agus na fir eile nuair a thaistil siad amach ón mbunchampa leis na capaillíní a bhí leo? (Alt 4)

**{3 mharc}**

- Leag siad soláthairtí bia agus fearas in ionaid stórais ar an mbealach chuig an Mol Theas

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin siúl ab éigean do Crean a dhéanamh chun cabhair a lorg dá chomrádaithe. (Alt 4) (**Dhá** phointe eolais) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 1 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Shiúil sé féin chuig an mbunchampa
- Shiúil sé 56 ciliméadar
- Shiúil sé trasna na hoighearmhá
- Shiúil sé ar feadh beagnach ocht n-uair déag an chloig
- Gan le hithe aige ach trí bhriosca agus dhá phíosa seacláide

**(ii)** Cén fáth ar bronnadh bonn Rí Albert ar Tom Crean i 1913? (Alt 4) **{2 mharc}**

- I ngeall ar a ghaiscí nuair a shábháil sé beatha a chomrádaí, Teddy Evans = 2 mharc
- I ngeall ar a ghaiscí nuair a shábháil sé beatha a chomrádaí = 2 mharc
- I ngeall ar a ghaiscí nuair a shábháil sé beatha Teddy Evans = 2 mharc
- I ngeall ar a ghaiscí = 1 mharc
- Shábháil sé beatha a chomrádaí = 1 mharc
- Shábháil sé beatha Teddy Evans = 1 mharc

**5.** **(a)** Cad a theastaigh ó Ernest Shackleton a dhéanamh ar an turas taiscéalaíochta go dtí an tAntartach ar an long *Endurance* i 1914? (Alt 5) **{3 mharc}**

- Siúl trasna mhór-roinn an Antartaigh ó chósta go cósta, turas 3,000 ciliméadar nach ndearnadh cheana = 3 mharc
- Siúl trasna mhór-roinn an Antartaigh, turas nach ndearnadh cheana = 3 mharc
- Siúl trasna mhór-roinn an Antartaigh = 2 mharc

**(b)** **(i)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoin turas farraige a rinne Shackleton agus a chriú ó Oileán Eilifinte go Seoirsia Theas agus iad ag lorg cabhrach. (Alt 5) **{2 mharc}**

- Rinne siad é i mbád beag iomartha
- Turas 1,300 ciliméadar a bhí ann
- Chaith siad seacht lá dhéag ar an bhfarraige (gharbh dhainséarach)

**(ii)** Cén fáth a ndeirtear sa sliocht go mairfidh cáil Tom Crean mar laoch Antartach go deo? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Tá a ainm ar oighearshruth ar Sheoirsia Theas, ar chnoc san Antartach agus, anois, ar bhád taighde in Éirinn = 2 mharc
- Tá a ainm ar oighearshruth ar Sheoirsia Theas = 2 mharc
- Tá a ainm ar chnoc san Antartach = 2 mharc
- Tá a ainm ar bhád taighde in Éirinn = 2 mharc

**6.** **(a)** Aimsigh sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Sampla de bhriathar san Aimsir Fháistineach in Alt 1: (a) bheidh; beidh; bainfidh; déanfaidh
Sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3: adhmaid; Antartaigh; oighir; sleamhnáin; ama

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé ar **dhá** thréith de chuid Tom Crean, dar leat. Bíodh sampla **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach tréith a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

**Dhá** thréith = **6** mharc + **6** mharc
Tréith **1** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc
Tréith **2** a lua = **2** mharc + sampla den tréith sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Gan tréith(e) luaite, ní féidir glacadh leis an sampla/na samplaí.
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

- Cróga: Tharraing Tom agus a chomhghleacaithe ualach bia agus earraí ar thalamh a bhí crua ón sioc agus bhí sé thar a bheith contúirteach freisin…
- Dílis: Shiúil sé ina aonar ar feadh 56 ciliméadar gan mórán bia aige chun cabhair a fháil dá chomhghleacaí a bhí breoite…
- Díograiseach: Chaith sé 17 lá ag iomramh ar an bhfarraige le ceathrar eile agus ansin ag siúl ar shléibhte agus ar an leac oighir chun teacht ar chabhair…
- Dóchasach: Nuair a d'fhág sé an saol bocht sa bhaile chun dul sa Chabhlach Ríoga bhí sé dóchasach go n-éireodh leis dul chun cinn a dhéanamh sa saol…
- Bhí Crean ag súil go roghnófaí é ar fhoireann Scott sa pháirt dheireanach den turas chuig an Mol…níor roghnaíodh é agus bhí an-díomá air…
- Oibrí foirne ba ea Tom Crean a d'oibrigh go maith lena chomh-mhairneálaigh…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar thréithe eile agus ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

## LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)

## 2022: Bliain Eorpach na hÓige

**1. (a)** Cén fáth a bhfuil fís agus rannpháirtíocht na nEorpach óg ríthábhachtach, de réir an phreasráitis a chuir an Coimisiún Eorpach amach? (Alt 1) **{3 mharc}**

- Chun todhchaí níos fearr a thógáil, todhchaí a bheidh níos glaise, níos cuimsithí agus níos digití = 3 mharc
- Chun todhchaí níos fearr a thógáil **agus** ceann **amháin** díobh seo: todhchaí a bheidh níos glaise nó todhchaí a bheidh níos cuimsithí nó todhchaí a bheidh níos digití = 3 mharc
- Chun todhchaí níos fearr a thógáil = 2 mharc

**(b) (i)** Scríobh síos príomhchuspóir **amháin** a leagadh amach do Bhliain Eorpach na hÓige. (Alt 1) (Príomhchuspóir **amháin**) **{2 mharc}**

- Daoine óga a spreagadh lena dtuairimí a roinnt chun go gcuirfear san áireamh iad nuair a bhíonn beartais an Aontais Eorpaigh á gceapadh = 2 mharc
- Cabhrú le daoine óga a bheith ina saoránaigh rannpháirteacha de chuid an Aontais Eorpaigh = 2 mharc
- Na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga san Aontas Eorpach a chur chun cinn = 2 mharc

**(ii)** Cén fáth ar chóir daoine óga a mholadh, dar le Mariya Gabriel? (Alt 1) **{2 mharc}**

- As a ndúthracht agus iad gníomhach ag seasamh i mbealaí nua ar son na rudaí a gcreideann siad iontu = 2 mharc
- As a ndúthracht = 1 mharc
- Iad gníomhach ag seasamh i mbealaí nua ar son na rudaí a gcreideann siad iontu = 1 mharc

**2.** **(a)** Luaigh **dhá** aidhm de chuid na n-imeachtaí a d'eagraigh an eagraíocht *Léargas* in Éirinn le linn Bhliain Eorpach na hÓige. (Alt 2) (**Dhá** aidhm) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad aidhm atá ceart = 2 mharc; an dara haidhm atá ceart = 1 mharc

- Deis a thabhairt do dhaoine óga as gach cúlra teacht le chéile agus a gcuid smaointe faoi na dúshláin mhóra atá rompu sa todhchaí a chur in iúl = dhá aidhm
- Spéis daoine óga a mhúscailt ina bheith mar thoscairí ag comhdhálacha éagsúla na hóige = aidhm amháin
- Daoine óga a spreagadh le bheith ina ngníomhairí ar son an athraithe = aidhm amháin

**(b)** **(i)** Céard a mhínigh Maria Walsh do na daoine óga a bhí i láthair ag an gcomhdháil i mí Feabhra? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha agus áitiúla in 2024 = 2 mharc
- Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha **nó** áitiúla in 2024 = 2 mharc
- Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha **nó** áitiúla = 1 mharc (gan 'in 2024' sa fhreagra)
- Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith páirteach san fheachtasaíocht ar son iarrthóirí eile sna toghcháin Eorpacha agus áitiúla in 2024 = 2 mharc
- Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith páirteach san fheachtasaíocht ar son iarrthóirí eile sna toghcháin Eorpacha **nó** áitiúla = 1 mharc (gan 'in 2024' sa fhreagra)

**(ii)** Cad iad na hábhair a bhí á bplé ag na daoine óga sna ceardlanna sna carráistí ar an traein speisialta '*All Aboard*'? (Alt 2) (**Dhá** ábhar) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- An cuimsiú = 1 mharc
- An comhionannas = 1 mharc
- An t-athrú aeráide = 1 mharc
- An taisteal inbhuanaithe = 1 mharc

**3.** **(a)** Scríobh síos **dhá** shlí a mbaineann mic léinn na n-institiúidí tríú leibhéal tairbhe as clár *Erasmus+*. (Alt 3) (**Dhá** shlí) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad slí atá ceart = 2 mharc; an dara slí atá ceart = 1 mharc

- Forbraítear féinmhuinín na mac léinn
- Foghlaimíonn siad faoi chultúir éagsúla
- Cruthaítear caidreamh gairmiúil le daoine ó thíortha eile
- Neartaítear a bhféiniúlacht Eorpach

**(b)** **(i)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin obair dheonach a dhéanann na daoine óga ar fud na hEorpa mar chuid den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. (Alt 3)
(**Dhá** phointe eolais) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

An chéad phointe eolais atá ceart = 1 mharc; an dara pointe eolais atá ceart = 1 mharc

- Tugann na daoine óga seo cúnamh sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis
- Cuidíonn siad leis na pobail siúd atá i ngátar
- Déanann siad leas na bpobal sin atá i ngátar

**(ii)** Luaigh an **dá** rud a fhoghlaimíonn scoláirí dara leibhéal sa togra 'Clár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa'. (Alt 3) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 1 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Foghlaimíonn siad faoi ról Pharlaimint na hEorpa
- Foghlaimíonn siad faoina gcearta mar shaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh

**4.** **(a)** Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Harry McCann faoin gcaoi ar chuir paindéim Covid-19 isteach ar shaol na hóige. (Alt 4) (**Dhá** rud) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Bhí ar dhaoine óga go leor íobairtí a dhéanamh = rud amháin
- Bhí ar dhaoine óga a saol, a n-ionchais agus a n-aislingí a chur ar athlá = dhá rud
- Bhí ar dhaoine óga a saol a chur ar athlá = rud amháin
- Bhí ar dhaoine óga a n-ionchais a chur ar athlá = rud amháin
- Bhí ar dhaoine óga a n-aislingí a chur ar athlá = rud amháin
- Bhí orthu fás aníos i saol 'nua-normálta' = rud amháin

**(b)** **(i)** Cén fáth a mbíonn an t-aos óg ag gníomhú go paiseanta san fheachtas *Fridays for Future*? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Le brú a chur ar dhaoine fásta agus ar na polaiteoirí dul i ngleic le géarchéim na haeráide = 2 mharc

**(ii)** Cén fáth ar chomhairligh Harry McCann don ghlúin óg seasamh le chéile agus a dtuairimí a nochtadh? (Alt 4) **{2 mharc}**

- Chun deimhin a dhéanamh de go n-éistfidh lucht déanta na bpolasaithe leo agus go mbeidh an todhchaí níos gile dá bharr = 2 mharc
- Chun deimhin a dhéanamh de go n-éistfidh lucht déanta na bpolasaithe leo = 1 mharc

**5.** **(a)** Cad iad na rudaí atá tábhachtach má táimid le hEoraip ionchuimsitheach dhigiteach a bhaint amach? (Alt 5) (**Dhá** rud) **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Oideachas agus cúram sláinte meabhrach a bheith ar fáil do chách = dhá rud
- Oideachas a bheith ar fáil do chách = rud amháin
- Cúram sláinte meabhrach a bheith ar fáil do chách = rud amháin

**(b)** **(i)** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoi óige dhaonra an Aontais Eorpaigh. (Alt 5)
**{2 mharc}**

- Is daoine óga iad fiche a cúig faoin gcéad den daonra (ní gá an tAontas Eorpach a lua sa fhreagra)
- Is í Éire an stát ina bhfuil an daonra is óige (de na seacht mballstát is fiche)

**(ii)** Cad leis a bhfuiltear ag súil agus Bliain Eorpach na hÓige thart? (Alt 5) **{2 mharc}**

- Go bhfuil borradh curtha faoi iarrachtaí an Aontais Eorpaigh daoine óga a chumasú chun sochaí Eorpach níos fearr a chruthú = 2 mharc
- Go bhfuil borradh curtha faoi iarrachtaí an Aontais Eorpaigh daoine óga a chumasú = 1 mharc

**6.** **(a)** Aimsigh sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 4. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.
Sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 2: na hÓige, na hEorpa, Feabhra, aeráide
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 4: cruthaíodh

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, arbh fhiú Bliain Eorpach na hÓige a bheith ann, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

Tuairim a nochtadh = **2** mharc B'fhiú/Níorbh fhiú…
Pointe eolais **1** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc
Pointe eolais **2** = Plé ar an bpointe le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú leis = **5** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach as an sliocht.

**B'fhiú** Bliain Eorpach na hÓige a bheith ann
**Pointí eolais féideartha**

- Tarraingíodh aird ar dhaoine óga…guth na nEorpach óg tábhachtach…
- Cinntí a dhéanfar, tá sé tábhachtach go mbeidh tionchar ag daoine óga orthu…
- Bhí sé mar aidhm ag an mBliain an fócas a chur ar na cláir agus na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga…
- An todhchaí…an tábhacht a bhaineann leis an óige a bheith páirteach san Aontas chun é a mhúnlú…
- Bhí deiseanna ar fáil bualadh le hionadaithe tofa…
- Comhdhálacha agus scéimeanna a thug deiseanna do dhaoine óga bualadh le chéile agus a dtuairimí a chur in iúl do dhaoine óga eile/a roinnt le daoine óga eile…
- An tábhacht a bhaineann le hionadaithe óga mar chuid den Aontas…

**Níorbh fhiú** Bliain Eorpach na hÓige a bheith ann
**Pointí eolais féideartha**

- Tarraingíodh aird ar dhaoine óga…guth na nEorpach óg tábhachtach le linn Bhliain Eorpach na hÓige ach an leanfar leis an gcur chuige sin ach na cinntí á ndéanamh…
- An todhchaí…an tábhacht a bhaineann leis an óige a bheith páirteach sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha in 2024, dar le Maria Walsh…ach an nglacfaidh go leor daoine óga páirt sna toghcháin sin?...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

## An Litríocht

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha<br>Obair lena ngabhann fiúntas |
| # | Haischlib | Eolas míchruinn/mícheart/nach mbaineann le hábhar |
| ✗ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR/GF | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| eas | Eolas easnamhach | Níor pléadh an ráiteas ina iomláine |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| T | Tréith | Ceist 2A. (a) agus Ceist 2B. (a) |
| I | Íomhá(nna) | Ceist 3A. (a) (i) |

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

**PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH 30 marc**

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | (18 marc) |
|---|---|---|---|
| Sármhaith | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | 16-18 |
| An-mhaith | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | 13-15 |
| Maith | Plé maith ar an ráiteas<br>Smaointe agus pointí eolais forbartha go maith | 14-17 | 10-12 |
| Measartha | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 10-13 | 7-9 |
| Lag/<br>An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | 0-6 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A Prós Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) Oisín i dTír na nÓg**

Déan plé ar an **dá** thréith is mó, dar leat, a bhaineann le hOisín mar a léirítear iad sa scéal béaloidis, *Oisín i dTír na nÓg*. **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Dhá thréith de chuid Oisín a ainmniú agus plé a dhéanamh orthu de réir mar a léirítear iad in imeachtaí/eachtraí an scéil.
Gan ach tréith amháin de chuid Oisín luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an eolais/an phlé as 18 marc.

**Nótaí tacaíochta**

- Oisín – ceannaire misniúil láidir ag tús an scéil; seanóir lag dall ag deireadh an scéil…
- Dathúil, mealltach – thug Niamh grá dó ón méid a chuala sí 'fána phearsa agus fána mhéin'… fear mór álainn agus ríghaiscíoch óg…
- Láidir – bhí sé níos láidre ná trí chéad fear i nGleann na Smól mar d'ardaigh sé an charraig gan stró, rud nach rabhadar in ann a dhéanamh…tugann Niamh 'Oisín meanmach na dtréanlámh' air…fuair sé an lámh in uachtar ar an bhfathach, Fómhar Builleach, i dtroid a mhair trí oíche is trí lá…
- Grámhar, dílis – phóg sé a athair, Fionn, go caoin agus shil sé na deora agus é ag fágáil a athar agus a mhuintire le dul go Tír na nÓg…bhraith sé uaidh iad agus a thír dhúchais cé go raibh gach sonas ar fáil i dTír na nÓg…ní dhearna sé dearmad ar na Fianna ná ar Éirinn riamh agus bhí sé croíbhriste nuair a thuig sé go raibh na Fianna go léir marbh agus gach rud athraithe in Éirinn… tá a ghrá do Niamh soiléir tríd an scéal 'is tú mo rogha thar mhná an domhain' – saol sona aige léi i dTír na nÓg ar feadh na mblianta – geallann sé do Niamh go bhfillfeadh sé chuici as Éirinn…
- Gaisciúil, cróga, cabhrach, cúirtéiseach – ní féidir leis diúltú don bhean óg i gcruachás – throid sé an fathach, Fómhar Builleach, agus scaoil sé saor iníon Rí na mBeo a bhí ina príosúnach ag an bhfathach – é foréigneach, brúidiúil nuair a bhain sé an ceann den fhathach…bhí sé cabhrach nuair a d'ardaigh sé an charraig do na fir i nGleann na Smól…bhí sé sásta a scéal a insint do Naomh Pádraig agus dul timpeall na tíre leis an naomh…
- Ceanndána – is é Oisín is cúis lena dhroch-chás féin ar deireadh – cé go míníonn Niamh dó nach bhfuil Fionn agus na Fianna fós beo in Éirinn, téann sé i gcoinne a comhairle…
- Uaigneach, cumhach, gruama, truamhéalach – nuair a thuig sé go raibh Fionn agus na Fianna go léir marbh agus nach bhfeicfeadh sé Niamh ná a chlann go deo arís…dúirt sé le Pádraig Naofa go raibh sé ina sheanóir bocht dall, gan bhrí, gan mheabhair, gan lúth…chaill sé a neart agus ba ghnáthdhuine é…dhiúltaigh sé suí le muintir Phádraig Naofa mar gur strainséirí iad –'ní lucht comhaimsire dom na daoine anois'…

**nó**

**(b) Dís**

'Tugtar léiriú dúinn sa ghearrscéal *Dís* ar mhíshástacht bhean Sheáin agus ar an easpa tuisceana atá ag Seán ar chás a mhná.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**

**Treoir:** An **dá** ghné: míshástacht bhean Sheáin agus an easpa tuisceana atá ag Seán ar chás a mhná a phlé le tagairtí cruinne d'imeachtaí an scéil

**Nótaí tacaíochta**

- Níl bean Sheáin sásta leis an saol leamh leadránach atá aici gach lá i mbun obair an tí agus gan aon chomhluadar aici ach leanbh…
- Nuair a thagann Seán abhaile ón obair, téann sé i bhfolach taobh thiar den nuachtán agus is leasc leis labhairt léi…'cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom,' a deir sí leis…ní thuigeann sé go bhfuil comhluadar uaithi tar éis an lá ar fad a chaitheamh ag déanamh obair an tí agus ag tabhairt aire don pháiste…
- Áiríonn sí í féin mar dhuine den cheathrú cuid de mhná pósta na tíre atá míshona, míshásta dar leis an suirbhé…
- Measann sí gur tábhachtaí an nuachtán do Sheán ná ise…
- Breathnaíonn sí uirthi féin mar sclábhaí agus nach bhfuil inti ach staitistic, nach bhfuil meas madra ag a fear céile ná ag an tsochaí uirthi…
- Braitheann sí nach bhfuil meas ar an obair tí a dhéanann sí…
- Ní thugann Seán aon tacaíocht di – déanann sé beag is fiú di i mbeagnach gach rud a deir sé léi
- Mothaíonn sí nach mbaineann luach ar bith léi – uaidh sin a thagann an tagairt a dhéanann sí do na mná san Ind a dhóitear nuair a fhaigheann a bhfir chéile bás…
- Ba mhaith léi ról a bheith aici lasmuigh den teach (obair cosúil le bean an tsuirbhé) óna bhfaigheadh sí aitheantas agus neamhspleáchas (chun sorn nua a cheannach)…ba mhaith léi rud éigin a dhéanamh a thabharfadh ardú céime di…
- Tagann díomá uirthi nuair a ritheann sé léi gur bhuail bean an tsuirbhé bob uirthi ag tairiscint na hoibre di…
- Ar deireadh, filleann sí ar an saol coitianta díreach mar a bhí ag tosach an ghearrscéil ach an uair seo tá Seán ina chodladh – ag léiriú níos mó neamhshuime ná riamh inti…
- Is duine traidisiúnta é agus tá dearcadh seanfhaiseanta aige ar an bpósadh agus ar ról na mban – níl mórán measa aige ar obair an tí…d'fheicfeadh sé urlár salach ach ní thabharfadh sé urlár glan faoi deara…
- Is duine leithleach é – ag gearán nach bhfuil ciúnas aige chun an nuachtán a léamh gan aon smaoineamh aige ar an saol leamh leadránach atá ag a bhean sa bhaile…
- Ní thuigeann sé cén fáth ar inis a bhean rudaí príobháideacha faoina saol pósta do bhean an tsuirbhé agus ní mó ná sásta atá sé leis sin…
- Ní thuigeann sé cén fáth a bhfuil sí míshona, míshásta: 'Tusa? Míshona, míshásta? Sin é an chéad chuid a chuala de?'…
- Nuair a deir a bhean go bhfuil sí ag faire ar obair an tsuirbhé a dhéanamh chun airgead a thuilleamh don sorn nua, breathnaíonn Seán air seo go dímheasúil…bíonn sé buartha faoi cé a thabharfadh aire don leanbh…maslaíonn sé í leis an gcomparáid idir suirbhéireacht agus tincéireacht nuair a deir sí go bhfuil sí chun an leanbh a bhreith léi…
- Titeann Seán ina chodladh roimh dheireadh an scéil ag léiriú a laghad meas atá aige ar chaint agus ar thuairimí a mhná…

**2B. Prós Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar an **dá** thréith is mó, dar leat, a bhaineann leis an bpríomhcharachtar (leis an bpríomhphearsa) sa scéal béaloidis sin.

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** Dhá thréith de chuid an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) a ainmniú agus plé a dhéanamh orthu de réir mar a léirítear iad in imeachtaí/eachtraí an scéil.
Gan ach tréith amháin de chuid an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an eolais/an phlé as 18 marc.

**nó**

**(b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé ar mheon agus ar iompar an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa ghearrscéal sin.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir:** An **dá** ghné: meon agus iompar an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) a phlé le tagairtí cruinne d'imeachtaí an scéil

## Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

**FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH 30 marc**

**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

**3A. Filíocht Ainmnithe**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

**(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) 'Sa dán *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)*, baineann an file úsáid as íomhánna ón nádúr chun cuma agus tréithe an fhir a chur in iúl dúinn.' É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar na híomhánna (**dhá** íomhá, ar a laghad, ón nádúr agus an chomparáid/an chodarsnacht idir iad agus cuma agus tréithe an fhir.)
Gan ach íomhá amháin luaite agus pléite, tá an freagra easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an eolais/an phlé as 10 marc.

| Catagóir | An plé | (13 mharc) | (10 marc) |
|---|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na híomhánna ón nádúr chun cuma agus tréithe an fhir a léiriú mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 12-13 | 9-10 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na híomhánna ón nádúr chun cuma agus tréithe an fhir a léiriú mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 10-11 | 8 |
| Maith | Plé maith ar an gcuntas a thugann an file dúinn ar na híomhánna ón nádúr chun cuma agus tréithe an fhir a léiriú mar aon le tagairtí cruinne, ábhartha don dán | 8-9 | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 | 0-3 |

**Pointí eolais féideartha**
Bláth an draighin…na nóiníní…íomhá dá ghruaig ar nós sreinge deilgní i gcodarsnacht le síoda mín…na húlla agus na caora fíniúna…tugann a grá úlla agus caora fíniúna di…is cosúil go bhfuil sí ag rá go bhfuil a leannán fial, iontaofa...is léir go gcreideann an file go bhfuil carachtar an duine níos tábhachtaí ná cuma fhisiciúil an duine…

(ii) Cén ghné is mó den dán a thaitníonn leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- An greann: an magadh…an aoir…an file ag caint go díreach linn…na siombailí…meon agus dearcadh an fhile…tá an cur síos scigmhagúil, áibhéalach…cuireann an file ag gáire mé leis an léiriú a thugann sí ar chuma mhídhathúil an fhir…tuigtear go bhfuil grá dáiríre aici don duine seo…
- Úsáid na lúibíní: Mhúscail na lúibíní mo chuid fiosrachta…cuireann siad in iúl gur dán difriúil é seo…cabhraíonn na lúibíní leis an magadh agus leis an áibhéil a chur in iúl…ag deireadh an dáin, léiríonn na lúibíní go bhfuil an file i ngrá le gnáthfhear nach bhfuil foirfe…cuireann na lúibíní leis an ngreann…
- Codarsnacht: tá codarsnacht idir an grá idéalach, rómánsúil, paiseanta agus an grá coitianta, laethúil, saolta – idir íomhá an fhir fhoirfe agus íomhá an leannáin/an ghnáthfhir…

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na trí phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.

Ainm an fhile = **1** mharc = Nuala Ní Dhomhnaill
**Saol**

- Rugadh í sa bhliain 1952…
- Rugadh í in Lancashire i Sasana…
- D'fhill sí ar Éirinn in aois a cúig bliana…
- Chónaigh sí i nGaeltacht Chorca Dhuibhne/i gCo. Thiobraid Árann/i mBaile Átha Cliath/ sa Tuirc/san Ollainn…
- Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1972…
- Le linn di a bheith ag freastal ar an ollscoil, bhí sí ina ball den ghrúpa INNTI…
- Chaith sí tamall ag múineadh…
- Tá fíorshuim ag Nuala sa bhéaloideas agus i seanscéalta a bhaineann le mná…
- Is ball d'Aos Dána í…

**Saothar**

- An Dealg Droighin; Féar Suaithinseach; Feis; Pharaoh's Daughter; Cead Aighnis; The Astrakhan Cloak; Spíonáin is Róiseanna; The Water Horse; Northern Lights; Selected Poems: Rogha Dánta; Cead Isteach/Entry Permitted; The Fifty Minute Mermaid…

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b) An Spailpín Fánach**

(i) 'Sa dán *An Spailpín Fánach*, tugann an spailpín cuntas dúinn ar a shaol dian ainnis in Éirinn na linne sin.' É sin a phlé.

**Eolas = 13 mharc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar shaol dian ainnis an spailpín agus tagairtí cruinne do théacs an dáin in úsáid sa fhreagra.

| **Catagóir** | **Plé (13 mharc)** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 12-13 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agu téagartha don dán | 8-9 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 6-7 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-5 |

**Pointí eolais féideartha**

- Tugtar léiriú ar an saol crua sclábhúil a bhí ag an spailpín fánach sa dán seo…
- Léiríonn an file cúrsaí polaitíochta na tíre ag deireadh an 18ú haois agus ag tús an 19ú haois nuair a bhí na Sasanaigh i gcumhacht sa tír…caitheadh go dona leis na hÉireannaigh…na Péindlíthe i bhfeidhm sa tír…
- Bhíodh na spailpíní ag taisteal ar fud na tíre ag lorg oibre ó na feirmeoirí móra/tiarnaí talún…
- Sa dán seo tá an spailpín ag brath ar a shláinte, ag éirí go luath ar maidin ag siúl ar an bhféar tais ag tolgadh galar…

- Is fuath leis an spailpín go nglaonn daoine an 'spailpín fánach' air…an náire a bhí ar an spailpín nuair a ghlaoigh siad an t-ainm 'spailpín' air…
- Ní raibh meas ag daoine ar na spailpíní toisc go raibh siad bocht dearóil agus ag sclábhaíocht ar na feirmeacha…
- Téann sé ó bhaile go baile ag lorg oibre, ag taisteal go Cluain Meala, go Tiobraid Árann, go Carraig na Siúire, go Callainn agus go Durlas…fulaingt an spailpín ag taisteal ó áit go háit ag lorg oibre ag na margaí fostaithe…
- Ní rachaidh sé go Caiseal arís ag cur isteach ar a shláinte agus é náirithe ag an margadh fostaithe, ina shuí ar thaobh na sráide…
- Is fuath leis na feirmeoirí aineolacha ag teacht ar muin capaill chun é a fhostú…
- Bhíodh air éirí go moch ar maidin agus dul amach nuair a bhí an drúcht fós ar an bhféar…
- D'éiríodh sé tinn go minic – bhíodh sé 'ag bailiú galair ráithe' agus é amuigh i ngach cineál aimsire
- Bhíodh sé 'ag seasamh'/ag brath ar a shláinte mar gan a shláinte níorbh fhéidir leis aon airgead a thuilleamh…
- Obair dhian a bhíodh ar siúl ag an spailpín, ag baint féir agus arbhair ach bhíodh sé bródúil as a chumas oibre…
- Bhí dímheas ag daoine ar an spailpín agus ghoill an dímheas sin go mór air mar is léir ón líne dheireanach i ngach rann…
- B'fhuath leis an margadh fostaithe mar bhraith sé go raibh sé ag díol/ag cur a shláinte ar ceant
- Thagadh na feirmeoirí móra/'bodairí na tíre' ar a gcapaill féachaint an mbeadh na spailpíní ábalta don obair…
- Ní bhíodh aon rogha ag an spailpín ach dul leis na bodairí cé go mbíodh 'an cúrsa fada'…
- Bhí sé de rún aige, mar sin, dul i bpáirt leis na *croppies* agus éirí amach i gcoinne na n-údarás…

(ii) Cén chaoi a dtéann an dán seo i bhfeidhm ort?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = **5** mharc

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

**Pointí eolais féideartha**

- Músclaíonn an dán seo trua/fearg ionam…bhraith mé trua do chás an spailpín…tá sé soiléir go raibh sé ag fulaingt…
- Chuir atmaisféar an dáin gruaim orm leis na híomhánna de shaol ainnis an spailpín…
- Tuigim an fhearg a bhí i gcroí an spailpín…
- Bhraith mé an dóchas a bhí ag an spailpín nuair a rinne sé cinneadh dul i bpáirt leis na '*croppies*'…
- Thug an dán léargas dom ar an tréimhse sin sa stair nuair a bhí saol ainnis ag gnáthdhaoine cosúil leis an spailpín agus an fáth ar éirigh daoine amach i gcoinne an chórais sin…

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán.

**Eolas = 7 marc**

An mheadaracht a ainmniú = **2** mharc
An mheadaracht: amhrán **nó** bunaithe ar mheadaracht an amhráin **nó** meadaracht/véarsaíocht aiceanta **nó** ré-aithris ar an ochtfhoclach
Pointe **amháin** eolais = **3** mharc
Rím…comhardadh deiridh…líon áirithe béimeanna (trí bhéim nó ceithre bhéim sna línte éagsúla) …uaim…
Sampla cruinn = **2** mharc
**Nóta:** Ainm na meadarachta mícheart **nó** gan aon mheadaracht ainmnithe, bronn **0** ar an bhfreagra.
Sampla cruinn gan aon phointe eolais leis, bronn **0** ar an sampla.

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**3B. Filíocht Roghnach**

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).
**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar dúinn ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Cén ghné is mó den dán a thaitníonn leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

An ghné a lua agus pointe **amháin** eolais faoin ngné áirithe sin = **5** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an ngné sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí an dáin.

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart nó mura luaitear ainm an fhile, bronn **0** ar an mír ar fad.

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**(b)**

(i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thus go deireadh an dáin = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Plé measartha<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) Cén chaoi a dtéann an dán seo i bhfeidhm ort?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Pointe **amháin** eolais = 5 mharc

| Catagóir | Marc as 5 |
|---|---|
| Sármhaith | 5 |
| An-mhaith | 4 |
| Maith | 3 |
| Measartha | 2 |
| Lag/An-lag | 0-1 |

(iii) Scríobh síos an teicníc fhileata is suimiúla sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** phointe eolais faoin teicníc sin sa dán.

**Eolas = 7 marc**

An teicníc fhileata a lua = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

| Ceist 4 | LITRÍOCHT BHREISE | 40 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha as an téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

| Catagóir | Eolas | 35 marc | 25 marc |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | 22-25 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | 18-21 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas<br>Insint mhaith ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | 14-17 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 14-19 | 10-13 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | 0-9 |

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**4A. An Triail**

'Sa dráma *An Triail*, léiríonn go leor de na carachtair (na pearsana) dearcadh diúltach míthrócaireach ar chás na máthar neamhphósta, Máire Ní Chathasaigh, in Éirinn sna seascaidí.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar na carachtair (na pearana) (**beirt**, ar a laghad) a léiríonn dearcadh diúltach míthrócaireach ar Mháire Ní Chathasaigh agus samplaí cruinne, téagartha ón dráma a úsáid mar thacú leis an bplé.
**Nóta:** Gan ach carachtar (pearsa) amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an phlé sa fhreagra as 25 marc.

**Nótaí tacaíochta**
Mhair Máire i sochaí a bhí go mór faoi anáil na hEaglaise Caitlicí, áit nach raibh éinne sásta glacadh le máthair neamhphósta…feictear saol Mháire á mhilleadh nuair a thiteann sí i ngrá leis an máistir scoile Pádraig Mac Cárthaigh, fear pósta agus éiríonn sí torrach…ginmhilleadh…breith agus an páiste tabhartha a thabhairt ar altramas…ní ghlacfaí ar chor ar bith leis an leanbh a choimeád…níl cabhair le fáil aici ó dhuine ar bith seachas ó Mhailí agus ó Sheáinín an Mhótair…diúltaíonn a muintir agus an máistir scoile di…bíonn uirthi imeacht as an mbaile beag ina bhfuil cónaí uirthi agus dul faoi ainm bréige…faigheann Máire post mar chailín aimsire ach nuair a fhaigheann Bean Uí Chinsealaigh amach go bhfuil sí torrach, cuireann sí fios ar an oibrí sóisialta chun go ndéanfaidís socrú eile di…níl sí sásta í a choinneáil sa teach mar gheall go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…níl i ndán do Mháire ach dul isteach i dteach tearmainn do mhná torracha neamhphósta…fanann sí sa teach tearmainn go dtí go saolaítear an leanbh ach fágann sí é nuair a chuirtear iachall uirthi an páiste a thabhairt suas…tar éis di an teach tearmainn a fhágáil, faigheann sí post i monarcha ag glanadh na leithreas; níl aon rud níos fearr i ndán di; tá drochmheas uirthi anois…nuair a chuirtear ceist ar bhainisteoir na monarchan cén fáth ar thug sé an saghas sin poist di: 'caithfidh duine éigin iad a ghlanadh,' a deir sé…is cosúil nach bhfuil aon duine eile ag iarraidh an obair seo a dhéanamh…is crua an saol atá ag Máire agus í léi féin agus páiste óg faoina cúram…tugann sí aghaidh ar go leor deacrachtaí ach diúltaíonn an tsochaí di arís agus arís eile…í imeallaithe ag an tsochaí…
**Bean Uí Chathasaigh**: Duine údarásach, gan aon chaidreamh grámhar aici le duine ar bith dá clann... béim mhór aici ar reiligiún agus ar mheas na gcomharsan...faigheann sí deoch nimhe chun an ghin a mharú… diúltaíonn Máire an deoch a ól…'tá tú ceanndána chomh maith le bheith mígheanmnaí', arsa an mháthair le Máire...lorgaíonn sí ainm an fhir, caithfidh siad pósadh agus dul go Sasana… cuireann sí mallacht ar a hiníon, ag tabhairt 'striapach' uirthi…shíl an mháthair gur thóg sí Máire go creidiúnach agus go críostúil…alltacht uirthi anois – 'í náirithe os comhair na gcomharsan'…'í féin a tharraing an trioblóid uirthi féin'…'ní aon pheaca deireadh a chur le rud neamhghlan - rud a bhí mallaithe ag Dia agus ag duine'...níor thaispeáin Bean Uí Chathasaigh tuiscint nó trócaire do Mháire in am an ghátair…thréig sí a hiníon agus b'éigean do Mháire imeacht ón teach...neamhfhreagracht na máthar i leith a hiníne…diúltaíonn sí dá hiníon ar fhaitíos go mbeadh sí ag tarraingt náire orthu…
**Seán Ó Cathasaigh**: Sceith Seán ar Mháire, ag insint dá mháthair go mbíodh Máire breoite ar maidin…dúirt sé ina fhianaise gur tharraing Máire 'náire shaolta' orthu…'loit sí an saol' orthu… 'chiontaigh sí in aghaidh Dé'…'ba chóir a bheith dian uirthi'…ní raibh sé ach ag breathnú amach dó féin…ní raibh ag cur imní air ach an náire a tharraing sí air…más é seo an dearcadh atá ag Seán, an deartháir atá chun a bheith ina shagart, an gciallaíonn sé sin nach bhfuil aon áit do dhaoine ar nós Mháire san Eaglais…
**Liam Ó Cathasaigh**: Níor chuidigh sé lena dheirfiúr…ba chuma leis gur fhág sé ag an rince í, an áit ar thosaigh a cuid trioblóidí…níor mhian leis go gcuirfí aon phioc den mhilleán air…'ní mise a coimeádaí'…ní raibh a fhios aige cad a tharla ar oíche an rince sa teach scoile…'tá an oíche loite agat

orm' a dúirt sé an oíche nuair a fuair siad amach go raibh Máire ag súil le páiste…bhí sé curtha amach toisc nár éirigh leis an teach a fhágáil chun cuairt a thabhairt ar a ghrá geal…
**Pádraig Mac Cárthaigh**: Meallann sé í ag an rince…tagann sé i dtír ar an easpa taithí atá aici ar an saol…thréig sé Máire...ní raibh sé ag an ionad coinne agus níor thug sé cúnamh nó tacaíocht ar bith di…ag deireadh an dráma, Pádraig pósta athuair ach ag tarraingt ar theach an mhíchlú…aithníonn sé Máire ach níl aird ar bith aige ar a iníon 'ní mian liom í a fheiceáil'…tugann sé 'striapach' ar Mháire agus bailíonn sé leis…níl trua ar bith aige do chás Mháire...
**Bean Uí Chinsealaigh**: D'fhostaigh sí Máire mar chúntóir tís ach scaoil sí léi nuair a thug sí faoi deara go raibh sí torrach…bhí sí sásta cúntóir tís a fhostú gan litreacha molta, ach ní ligfeadh sí do chailín óg torrach a bhí neamhphósta fanacht sa teach...'cad a déarfadh na comharsana?'...'cad a déarfadh na mná rialta?'...
**Áine Ní Bhreasail (An tOibrí Sóisialta)**: Chreid sí go láidir gurbh é an socrú ab'fhearr ná go rachadh Máire isteach sa teach tearmainn go dtí go saolófaí an leanbh…chuir sí brú ar Mháire an leanbh a chur ar altramas…chuir sí rialacha an chórais i bhfeidhm…mhínigh sí do Mháire an cineál saoil a bheadh i ndán di dá gcoinneodh sí an leanbh agus í neamhphósta…'Ní haon dóichín do chailín óg leanbh tabhartha a bheith aici'…
**Seáinín an Mhótair**: Thuig sé fírinne agus réaltacht an tsaoil…nuair a bhí Máire agus a páiste fágtha ar thaobh na sráide gan lóistín…'Cé a deir gur tír chríostaí í seo?'...ag deireadh an dráma sa reilig, faighimid léargas uaidh ar chruachás Mháire…'bhris sí na rialacha. An té a bhriseann rialacha an chluiche cailltear ann é'…
**Na mná sa teach lóistín**: Léiriú maith ar dhearcadh na sochaí sna seascaidí ar mháithreacha neamhphósta…'í mór inti fein'…'rómhór dá bróga'…'agus gan aici ach leanbh tabhartha'…

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

'Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugtar léargas dúinn ar phearsantacht Mhaidhc sa chur síos a dhéanann sé ar a óige agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht.'

**Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta**
Pearsantacht Mhaidhc: é tuisceanach; greannmhar; dearfach; seiftiúil; cuideachtúil; lorgaíonn sé an greann i ngach scéal; rógaire cruthanta; an diabhlaíocht go láidir ann; in ann gáire faoi féin; thaitin an eachtraíocht leis; bua na scéalaíochta aige; féinmhuiníneach…

- Gnáthbhuachaill óg a bhí ann: é faiteach, neirbhíseach faoi dhul ar scoil den chéad uair – d'iarr sé ar a mham fanacht sa rang leis…níor thóg sé i bhfad air aithne a chur ar na scoláirí eile ní hamháin ina rang féin ach i ranganna eile leis – tréith na féinmhuiníne agus mian na cuideachtúlachta ann…
- A chéad lá ar scoil – é sceitimíneach gan aon cheapadh gur i gcomhair na scoile 'an scriosadh' a bhí a mháthair á dhéanamh air leis an tuáille…admhaíonn sé nach raibh aon luí rómhór aige leis na ceachtanna ach bhí air rud éigin a dhéanamh nó bheadh sé 'in uisce fiuchaigh leis an máistreás'…
- Ní bhíodh lá sa tseachtain ná go mbíodh bruíon idir na buachaillí agus níorbh fhada go raibh Maidhc féin sáite ann le buachaill ó Chathair Scoilbín…trí stiall den fhuinseog a tugadh dóibh as a gcuid iarrachtaí…
- An taitneamh agus an spraoi a bhain Maidhc féin as na cluichí caide ar an mbóthar gan ach liathróid bheag rubair acu agus clocha mar chúil 'ag marcáil na mbáidí'…iad slán sábháilte ag imirt ar an mbóthar mar nach mbíodh 'ach fo-chairt is capall' ag gabháil na slí…
- Bua na scéalaíochta aige…cuairt an chigire – an fuadar a bhí faoin múinteoir ag ullmhú chuige: 'ní raibh slat fuinseoige ná spúnóg cocoa le feiscint' ar bhord an mhúinteora…feictear an chlisteacht agus an tuiscint ghéar a bhí ag Maidhc…an cigire – 'ceann mór feola air agus péire

spéaclaí'…thosaigh sé ag ceistiú na ndaltaí duine ar dhuine…Uinseann Ó Grífín agus an freagra neamhfhóirsteanach ar cheist faoi sheanfhocal…d'aithin Maidhc an greann san eachtra le hUinseann bocht a thug freagra gáirsiúil ar cheist an chigire…

- Cuireann Maidhc síos ar an 'treabh tincéirí' a chuir fúthu in aice na scoile…bhíodh na scoláirí ag faire ar an bhfear 'ag déanamh na sáspan as an stán'…bhí raic ann lá amháin nuair a chaith buachaill éigin scraithín i gcorcán na maircréal a bhí á róstadh ag bean an tincéara…chuaigh sí díreach ag gearán leis an máistir…bhí ar na buachaillí go léir seasamh i gcoinne an fhalla agus toisc nach sceithfeadh éinne, fuair na buachaillí ceithre bhuille an duine den tslat ón máistir…
- Bhí gliceas agus fiosracht ag baint lena phearsantacht….feictear é sin nuair a luann sé Grae a thagadh chun an tí ag bothántaíocht…d'fhanadh Maidhc ag éisteacht ag poll na heochrach agus é ceaptha a bheith ina leaba…an diabhlaíocht agus an spraoi a bhain le fiacha na dtoitíní a thuilleamh nó breith ar bhradáin go mídhleathach…deir Maidhc linn go mbearraidís an ruaimneach d'eireaball an chapaill chun é a dhíol leis na tincéirí chun airgead a fháil do thoitíní…
- Cé go mbíodh a athair féin dian ar Mhaidhc ba léir go raibh meas ag Maidhc air…an bradán san abhainn; an t-eolas ceilte a bhí ag Dainín ar an mbosca ceoil; an fogha a thug Dainín faoi Mhaidhc ar chloisteáil dó faoi na huibheacha goidte; a athair ag fonóid faoi Mhaidhc agus é á ullmhú féin chun dul go dtí an céilí…
- Cé nár thaitin an scolaíocht le Maidhc agus nach raibh fonn air leanúint léi, theastaigh ó thuismitheoirí Mhaidhc go rachadh sé chuig an gColáiste Ullmhúcháin le bheith ina mhúinteoir…tar éis dó an scrúdú a dhéanamh chuige, dúirt sé lena mháthair gurbh í an bhliain ba dheacra a bhí an scrúdú riamh é ionas nach mbeadh sí ag súil le toradh fónta…socraíodh go rachadh sé go dtí Ceardscoil an Daingin…níor thóg sé i bhfad air sult agus tairbhe a bhaint as an gceardscoil…an chuideachta agus an scléip sa seanBhuick agus slua mór daoine óga brúite isteach ann ag triall ar an Daingean…thaitin obair na lámh leis…béim ar shiúinéireacht agus ar ábhair phraiticiúla eile sa cheardscoil…an obair foirne…an chaid, cruthú na naomhóige…léiríonn sé dúinn go ndearna sé iarracht i gcónaí gach deis a thapú...an múinteoir adhmadóireachta, Micheál Ó hIarnáin…cuairt ar thigh Mhaidhcín Fuacht ag am lóin…an comórtas idirchontae peile…Craobh an Chontae buaite ag Ceardscoil an Daingin den chéad uair riamh…rásaíocht na naomhóg…tar éis dhá bhliain sa Cheardscoil fuair Maidhc an Grúptheastas…dúirt sé gurbh iad an dá bhliain ab fhearr a chuir sé isteach riamh mar fuair sé treoir sa cheardscoil a chuir ar bhóthar a leasa é…
- Bhí Maidhc diongbháilte maidir lena ghrá don cheol – é ina sheasamh taobh amuigh de theach Sheáin Uí Dhomhnaill chun éisteacht leis ag seinm – ag éisteacht le cláir cheoil ar an raidió – ag lorg bróisiúir ó *Cox of Kilcock* a raibh boscaí ceoil ar díol acu – ag tathaint ar a mham an dá phunt a thabhairt dó le cur síos ar an mbosca ceoil – ag foghlaim conas an bosca a sheinm le nodanna ó Sheán Coughlan…
- Bhí Maidhc ábalta gáire faoi féin agus nach raibh sé ródháiríre ná féinchúiseach…rógaire ceart ba ea Maidhc Dainín…níor ghabh sé riamh thar an droichead gan sracfhéachaint a thabhairt isteach san abhainn féachaint an bhfeicfeadh sé bradán…lá amháin chonaic sé radharc a chuir éirí croí air – bradán mór groí…Maidhc Dainín agus a athair, Dainín, ag breith ar an mbradán le píce…thit Dainín san abhainn…phléasc Maidhc amach ag gáire faoi…chuala Maidhc drochfhocal as béal a athar den chéad uair riamh…an t-iascach mídhleathach…
- Dúil Mhaidhc sa tobac…ní bheadh duine ina fhear, dar leis, 'go mbeadh *feaig* sáite amach as a phus aige'…bhí saghas laochais ag baint leis…a chéad toitín…Maidhc agus Eddie ag bailiú na mbuiteanna lasmuigh de Halla an Pharóiste…is iomaí seift a bhíodh acu chun fiacha na dtoitíní a fháil…an ruathar faoi bhotháin na gcearc…Meex…deir sé linn gurbh fhusa 'briseadh isteach go Fort Knox ná dul isteach ina chlós cearc siúd'…fuair Maidhc nead uibheacha sa chlaí agus dhíol sé iad le bainisteoir na huachtarlainne…thug an bainisteoir cuairt ar theach Mhaidhc ag gearán go raibh sicíní marbha sna huibheacha…bhí fuadar faoi Mhaidhc éalú óna athair a bhí le ceangal…
- Samhradh na bliana 1958 rinne Maidhc teagmháil le ceannaire an chúrsa Gaeilge ar chloisteáil dó go raibh ceoltóir ag teastáil do na céilithe beaga…ní hamháin go raibh airgead le déanamh

as agus saorchead isteach chuig céilithe móra ach bhí radharc aige ón stáitse ar gach a bhí ar siúl…Eibhlín Ní Shúilleabháin as cathair Luimnigh…bhí an-uaigneas orthu oíche dheireanach an chúrsa…diabhlaíocht agus seiftiúlacht Mhaidhc…fuair sé dréimire…tháinig bean an tí amach le scuab…d'aimsigh sí Maidhc idir an dá shlinneán agus mhóidigh sé nach rachadh sé ar ais ar thóir Eibhlín, fiú, dá mbeadh Elizabeth Taylor ag feitheamh leis sa teach sin…

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

'Sa *Tóraíocht*, is laoch uasal cróga é Diarmaid nach bhfuil mórán smachta aige ar a chinniúint féin.' Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta**

- Is é cruachás Dhiarmada croí an scéil – conas is féidir leis a dhualgas agus a dhílseacht d'Fhionn a chomhlíonadh tar éis ceangal na geise a chuir Gráinne air…
- Fear coimhdeachta Fhinn é – céim ard san Fhiannaíocht…nuair a chuir Gráinne faoi gheasa é chun éalú léi ó Fhionn, chuir sí Diarmaid i gcruachás doréitithe…
- Bhí Diarmaid uasal sa mhéid is gur leasc leis dul le bean a bhí luaite le Fionn ach ag an am céanna níor fhéad laoch uasal a gheis a shéanadh…
- Is maith is eol do Dhiarmaid an cruachás ina raibh sé – d'iarr sé comhairle ar a chairde Oisín, Oscar, Caoilte, Diorraing…agus dúradar go léir gurbh éigean dó Gráinne a leanúint 'óir is trú choilleas a gheasa' (Oscar)…
- Bhí Diarmaid ag súil go n-athródh Gráinne a hintinn sula raibh sé ródhéanach (sula mbeadh Fionn dúisithe ón deoch suain a thug Gráinne dó)…'Do b'fhearr duit Fionn mac Cumhaill mar leannán agat ná mé féin', a dúirt sé léi agus é ag iarraidh a áiteamh uirthi filleadh ar Fhionn…
- Níor ghlac Diarmaid leis na trí rabhadh a sheol a chairde chuige i nDoire Dá Bhaoth mar dúirt sé gurbh fhearr leis dá mbéarfadh Fionn go luath air…
- Ní raibh sé sásta éalú as Doire Dá Bhaoth faoi bhinn bhrat Aonghus an Bhrogha – ní gníomh uasal a bheadh ann…
- Ag tús na Tóraíochta, d'fhágadh Diarmaid píosa feola nó éisc mar chomhartha d'Fhionn nár luigh sé fós le Gráinne…ar deireadh ghéill sé do Ghráinne agus rinne sé bean di…
- Crógacht Dhiarmada: an chleasaíocht le Rí-Fhéinithe Mhara nIocht, sárú an tSearbháin Lochlannaigh, marú na naoi nGarbh…ní bheadh ar Dhiarmaid na dúshláin agus na coimhlintí sin a tharraingt air féin murach an gheis a chuir Gráinne air…
- Laoch uasal macánta a bhí ann; le linn an chluiche fichille ag an gCaorthainn nuair a cheistigh Fionn an aige féin nó an ag Oscar a bhí an ceart faoi Dhiarmaid a bheith ag barr an chaorthainn, d'fhreagair Diarmaid go macánta gur ag Fionn a bhí an ceart…
- Crógacht Dhiarmada agus é ag fiosrú ghuth an ghadhair…bhí an tseilg sin beartaithe ag Fionn d'aonghnó mar go raibh olc ina chroí do Dhiarmaid fós…nuair a d'inis Fionn an scéal do Dhiarmaid faoi conas a tharla sé go raibh sé faoi gheasa gan seilg muice a dhéanamh, ghlac Diarmaid lena chinniúint agus chuir sé troid go cróga ar an torc: 'más ann atá i ndán domsa bás d'fháil níl feidhm agam a sheachna' a dúirt sé…

## 4D. Gafa

'Is beag faoiseamh a fhaigheann an mháthair, Eithne, ón uair a thagann sí ar na giuirléidí istigh faoi leaba a mic, Eoin, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta**

- Ón lá a tháinig Eithne ar an trealamh drugaí agus í ag glanadh seomra a mic, Eoin, luíonn ualach an mhíshuaimhnis go trom uirthi…caitheann sí cuid mhaith ama 'ag smaoineamh, ag múscailt na gcuimhní, ag cíoradh na ceiste'…
- Chuir an trealamh faoi leaba a mic amhras agus faitíos ar Eithne…
- Bhí míshuaimhneas sa ghaol eatarthu cheana féin – Eoin ag teacht is ag imeacht nuair ba mhian leis: ag tabhairt neamhairde ar mhianta a mháthar, é drochmheasúil is drochbhéasach…
- Eithne 'ina príosún beag féin' gan éinne aici chun an t-ualach a roinnt leis ós rud é go raibh an caidreamh idir í féin is Breandán 'seargtha'…fonn ar Eithne 'éalú as a hintinn féin le nach mbeidh uirthi aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne' – go raibh Eoin gafa leis na drugaí…
- Deirtear linn go raibh 'a hintinn ciaptha' ag Eithne mar nuair a d'ardaigh sí an scéal le Breandán rinne sé neamhshuim dá buairt…ar ndóigh bhí Eithne bhocht dall ar an ngreim scornaí a bhí ag Eoin ar Bhreandán…
- Fiú nuair a tháinig Eoin isteach abhaile go fíormhall, bhí Breandán sásta nuair a fuair sé boladh an óil uaidh…tiomáineadh snáthaid eile trí chroí Eithne nuair a chuala sí gur le Cillian, mac an phoitigéara, a chaith Eoin an tráthnóna…
- Aon uair a rinne Eithne iarracht ábhar a buartha a phlé le Breandán bhíodh rud níos práinní ar bun aige…bhí Breandán beag beann ar chúrsaí a chlainne mar bhí sé gafa lena chúraimí féin…
- Braithimid imní agus éadóchas Eithne an oíche sin le linn shos an lárthéarma nuair a chaith sí an oíche ag cur is ag cúiteamh toisc gan Eoin a bheith fillte abhaile…chuaigh an scéal in olcas nuair a fuair sí Eoin sínte thar tairseach agus rian na snáthaide i lúb na huillinne air…
- An seisiún comhairleoireachta le Marian Johnson…níor ghlac Eoin ná Breandán le práinn an scéil…diúltaithe glan ag Breandán glacadh leis gur andúileach de chineál ar bith é Eoin…rian na mífhoighne ar Bhreandán…fágadh Eithne bhocht ar a dícheall ag iarraidh neamhshuim na beirte eile a chúiteamh…
- Chaith Eithne a cuid ama idir bheith ar buile le Breandán toisc an easpa tacaíochta agus ar buile le hEoin…cuma an bhréagadóra ar an uile fhocal as béal Eoin…
- Faoin am a tháinig saoire na Nollag, bhí Eithne ina haonar ar an uile bhealach – Breandán imithe chuig cóisir foirne mar dhea agus Eoin bailithe leis go lár na cathrach…gan aon spéis ag Breandán i gcruachás Eoin…deireadh an chaidrimh ag Eithne le Breandán…anró agus fulaingt Eithne…
- Tháinig an crú ar an tairne nuair nár fhill ceachtar den bheirt acu…Eithne trí chéile toisc nach raibh tásc ná tuairisc ar Eoin…
- Tar éis glaoch a chur ar Joe Ryan ag lorg scéil ar Bhreandán, fágadh 'ina stumpa balbh í' mar nach raibh aon chóisir foirne ar siúl…cur i gcéill Bhreandáin…

## 4E. Canary Wharf

'Sa scéal *Mil*, ba léir gur bheag grá a bhí ag a bheirt gharneachtanna, Meagan agus Deibí, don Uasal Maxwell agus is cosúil ó chríoch an scéil go raibh a fhios sin go maith aige féin.'
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar an mbeirt bhan, Meagan agus Deibí, agus an gaol a bhí acu leis an Uasal Maxwell

**Nótaí tacaíochta**

- Tá codarsnacht intuigthe ó thús idir an tslí a ndearna Oscar cúram den Uasal Maxwell agus neamhchúram na ngarneachtanna…
- Nuair a osclaíonn an scéal deirtear linn go raibh Oscar ar a ghlúine ag leaba an tseanduine ar feadh an lae…bhí Deibí ag diúl ar mhála milseán sa chúinne agus Meagan amuigh sa ghairdín ag feitheamh ar nuacht…
- Is beag rian den bhrón a thaispeáin ceachtar den bheirt i ndiaidh an tseanduine ach iad 'ag sclogarnach mar gheall ar a ngliceas'…bhí Meagan 'ar nós cuma léi' tar éis fios a chur ar an adhlacóir agus Deibí tar éis fios a chur ar an dlíodóir…'cuireadh searmanas na sochraide i gcrích gan rómhoill'…ba é Oscar an t-aon duine a léirigh brón nuair a bhí sé ag gabháil buíochais leis an bpobal as an tacaíocht a tugadh dó…
- Ní raibh suim ag Meagan ná ag Deibí in aon ní ach san airgead a cheap siad a bhí ag an seanduine… 'Cá bhfuil an chreach' arsa Deibí gan mórán cáiréise…chuir 'straitéis gharbh Dheibí' déistin fiú ar Mheagan…rinne sise iarracht an t-eolas faoin airgead a fháscadh as Oscar i slí níos cliste, á cheistiú faoi aon chuntas bainc nó ciste a bhí ag an seanduine…
- Dúirt Oscar gur deacair glacadh leis 'go raibh Maxwell imithe'…
- Chuaigh Deibí agus a fear chomh fada leis na cláir adhmaid a ardú féachaint an raibh airgead faoin urlár…ghoill sé ar Oscar go raibh comóradh an Uasail Maxwell iompaithe ina 'sheilg ghránna seod'…
- Bhí Meagan agus Deibí 'meáite ar a mhaoin a aimsiú' agus is cinnte go raibh a fhios sin ag Maxwell…
- D'fhostaigh an bheirt dlíodóir cam chun brú a chur ar Oscar mar theastaigh uathu an oiread agus ab fhéidir a fháil as eastát Maxwell – gach rud ach an teachín lofa…
- Nuair a bhí críochnaithe acu bhí an áit glanta amach – bhí ionadh ar Oscar nár thug siad an doras féin leo…rinne sé gáire agus é ag smaoineamh orthu ag iarraidh an troscán a dhíol mar bhí sé 'ársa, lofa agus bréan'…
- Tagann an casadh sa scéal nuair a thosaigh Oscar ag déanamh cúraim de na coirceoga beach mar is iontu a d'aimsigh sé 'burlaí airgid' i bpacáistí néata plaisteacha…chuimhnigh sé ansin go raibh an t-Uasal Maxwell an-cheanúil ar mhil: bhí leigheas ann, dar leis…

**4F. Dánta Breise – A Chlann**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Tugtar léiriú dúinn ar ghrá na máthar dá páistí agus ar an bhfonn atá uirthi iad a chosaint sa dán *A Chlann*.
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 19 marc**

| Catagóir | Eolas | (19 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sármhaithe, sárthéagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 17-19 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 14-16 |
| **Maith** | Plé maith ar an ráiteas le tagairtí ábhartha don dán<br>Tagairtí téagartha don dán | 11-13 |
| **Measartha** | Plé measartha ar an ráiteas<br>Eolas bearnach, míchruinn agus lochtach | 8-10 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-7 |

**Nótaí tacaíochta**

- Is rud nádúrtha é do mháthair a bheith buartha nó imníoch faoi na deacrachtaí a bheidh ag a páistí sa saol…tá an mháthair sásta rud ar bith a dhéanamh chun a páistí a chosaint ó chruatan an tsaoil…
- Is cosúil go bhfuil creideamh láidir ag an máthair; baineann sí úsáid as íomhá d’aingeal ag coinneáil súil ar na páistí…
- Ba mhaith léi na páistí a chosaint ón bhfuath, ón díoltas agus fiú ó ‘fhearg Dé’ – tá sí sásta aon íobairt a dhéanamh ar son na bpáistí…
- Ba mhaith léi go mbeadh saol deas, réidh, taitneamhach ag a páistí…baineann sí úsáid as dhá mheafar chun é seo a chur in iúl: ‘Bhúr sléibhte ’na maolchnoic mhíne/Bhúr bhfarraigí gléghorm’…seasann na sléibhte do dhúshláin an tsaoil agus na farraigí don saol féin…
- Labhraíonn sí faoina croí féin mar ché – áit shlán shábháilte do na páistí agus iad ag fás aníos…ach anois, tá siad fásta aníos ‘d’fhág sibh cé mo chroí’ agus níl smacht aici a thuilleadh ar na drochrudaí a d’fhéadfadh a tharlú dóibh…
- Léiríonn sí grá arís nuair a deir sí go ndéanfadh sí rud dóibh nach ndearna sí riamh di féin…is grá neamhleithleach é…grá gan choinníoll, grá doshrianta atá aici dóibh – tá sí sásta gach peaca a mhaitheamh dóibh…ba mhaith léi gach pian a leigheas dóibh…
- Baineann sí úsáid as an Modh Coinníollach mar tuigeann sí nach bhfuil ina cuid focal ach mianta agus guíonna…dá mbeadh sé ar a cumas, dhéanfadh sí saol deas compordach dóibh, ach tuigeann sí ina croí istigh nach bhfuil an smacht sin aici ar a saolta…
- Sa tríú véarsa glacann sí leis go bhfágfaidh a páistí í lá éigin chun a slí féin a dhéanamh sa saol… Déanfaidh siad a gcinntí féin: ‘Fada uaim a ghluaisfidh sibh/Ar bhúr mbealach féin’…

- Glacann sí leis go bhfuil a dtuairimí féin ag a páistí agus go bhfuil siad neamhspleách; níl baint aici lena roghanna saoil…léiríonn sí grá anseo freisin sa mhéid is go nglacann sí leis gur cheart a saoirse a thabhairt dá clann chun a rogha rud a dhéanamh…
- Ag deireadh an dáin, géilleann sí nach bhfuil ach rud amháin gur féidir léi a dhéanamh agus is é sin guí ar son a páistí: 'Níl rogha agam i bhúr dtodhchaí/Níl agam ach guí'…

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú: **Eolas = 7 marc**

Chloífinn fuath is díoltas
Dá dtiocfaidís bhúr ngaor,
Thiocfainn eadar sibh is fearg Dé!

| Catagóir | Marc as 7 |
|---|---|
| Sár-mhaith | 6-7 |
| An-mhaith | 5 |
| Maith | 4 |
| Measartha | 3 |
| Lag/An-lag | 0-2 |

**Míniú:** Gheobhadh an mháthair an lámh in uachtar ar an ngráin agus ar an naimhdeas dá mbeadh siad i ngiorracht dá páistí…dhéanfadh sí a dícheall chun a páistí a choimeád slán sábháilte ó olc Dé…tá an mháthair ag rá go ndéanfadh sí aon rud ar bith chun a páistí a chosaint ó olc an tsaoil agus go bhfuil sí sásta aon íobairt a dhéanamh ar a son…

(iii) Is í an mháthair atá ag caint go díreach lena páistí féin sa dán seo.
Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin, dar leat? **Eolas = 9 marc**
Is leor **dhá** phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.
Pointe Eolais 1 = **5** mharc
Pointe Eolais 2 = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 5 | Marc as 4 |
|---|---|---|
| Sármhaith | 5 | 4 |
| An-mhaith | 4 | 3 |
| Maith | 3 | 2 |
| Measartha | 2 | 1 |
| Lag/An-lag | 0-1 | 0 |

**Nótaí tacaíochta**

- An mháthair atá ag caint sa dán…íobairtí na máthar ina cuid focal féin…géilliúlacht na máthar sa véarsa deireanach…an t-athrú a thagann ar a dearcadh…í spíonta, tuirseach…a racht curtha di…tagann sí ar an tuiscint nach féidir léi a páistí a smachtú go hiomlán…is léir gur mhaith léi iad a bheith ina cuideachta go deo ach pé rud a dhéanfaidh siad amach anseo, fágann sí a beannacht phearsanta orthu…mianta na máthar…glacann sí leis go toilteanach leis na roghanna atá déanta ag a páistí…téama uilíoch ach cás faoi leith…an Tuiseal Gairmeach…í ag caint leo…múscláítear trua ionainn don mháthair/tá bá againn leis an máthair…mothaíonn muid a croíbhriseadh ó d'fhás a clann suas agus ó d'imigh siad uaithi…is féidir le go leor daoine ionannú le cás na máthar seo… í ag cur síos ar a cás féin…spreagtar trua ionainn don mháthair nuair a thuigeann sí go gcaithfidh sí géilleadh agus ligean dá páistí a mbealaigh a dhéanamh tríd an saol…

- Cothaítear bá ionainn leis an máthair…mothaímid an bhuairt agus an t-uaigneas atá uirthi… tuigeann sí gach 'bearna baoil' a bheidh roimh a páistí agus tá sí buartha fúthu…braithimid go mothaíonn an mháthair nach féidir léi tada a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh a páistí slán sa saol atá amach rompu…
- Tugann an chaint dhíreach blas pearsanta dáiríre don dán…tuigimid go bhfuil an mháthair ag labhairt óna croí istigh agus go bhfuil grá mór aici dá páistí…
- Tá éifeacht na paidre ag an dán mar tá an mháthair ag guí go sollúnta go mbeidh saol sábháilte ag a clann mar tá a fhios aici nach féidir léi féin a páistí a chosaint agus iad amuigh sa saol…

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM'** a chur ar Pháipéar 1 ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar 2 nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán